C/2024/3504

28.5.2024

Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/1484 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1488 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis

(C/2024/3504)

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh (CBES) 2024/1484 ón gComhairle [2] agus Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle [3], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1488 ón gComhairle [4] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis.

Is í Roinn RELEX.1 san Ard-Stiúrthóireacht um an gCaidreamh Seachtrach – (RELEX) Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht) rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË/AN BHEILG
r-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na hArdrúnaíochta ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

data.protection@consilium.europa.eu

Is é is cuspóir don oibríocht phróiseála liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach a bhunú agus/nó a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2024/1484 agus Rialachán (AE) 2024/1485, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1488 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis.

Is iad na hábhair sonraí na daoine nádúrtha a chomhlíonann na critéir maidir le liostú mar a leagtar síos i gCinneadh (CBES) 2024/1484, agus i Rialachán (AE) 2024/1485 arna chur chun feidhme le Rialachán (AE) 2024/1488.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis.

Féadfar pé sonraí pearsanta a bhaileofar a chomhroinnt, de réir mar is gá, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an gCoimisiún.

Gan dochar do shrianta dá bhforáiltear de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfar feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí, an ceart rochtana mar shampla, chomh maith leis an gceart go ndéanfaí ceartúcháin nó an ceart chun agóid a dhéanamh, a fhreagairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

Coimeádfar sonraí pearsanta ar feadh 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach nó ón uair a théann bailíocht an bhirt in éag, nó ar feadh ré na n-imeachtaí cúirte i gcás tús a bheith curtha leo.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

---

[1] IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
[2] IO L, 2024/1484, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1484/oj.
[3] IO L, 2024/1485, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1485/oj.
[4] IO L, 2024/1488, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1488/oj.